# Ráitis Chuntais na bPáirtithe Polaitíochta
# 2022

## Tuarascáil do Chathaoirleach Dháil Éireann de bhun alt 88(1) den Acht Toghcháin, 1997, arna leasú

Coimisiún um Chaighdeáin in Oifigí Poiblí
Standards in Public Office Commission


An Coimisiún um Chaighdeáin in Oifigí Poiblí
6 Ardán Phort an Iarla
Baile Átha Cliath 2
D02 W773
Teileafón: (01) 6395666
R-phost: info@sipo.ie
Láithreán gréasáin: www.sipo.ie
Twitter: @SIPOCIreland



Nollaig 2023

## Réamhrá

Tá áthas orm an tuarascáil seo ar ráitis bhliantúla cuntas na bpáirtithe polaitíochta do 2022 a chur faoi bhráid Chathaoirleach Dháil Éireann (Ceann Comhairle) agus don Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, de réir alt 88 den Acht Toghcháin 1997, arna leasú.

Foráiltear leis an Acht Toghcháin 1997 do nochtadh cuntas ag páirtithe polaitíochta. Déanann sé foráil freisin chun taifid chuntasaíochta a choimeád atá mar bhonn agus mar thaca ag na cuntais sin.

- Ceanglaítear le halt 84 den Acht ar oifigeach ainmnithe de chuid páirtí polaitíochta – an t-oifigeach cuí – na cuntais a ullmhú.
- Ceanglaítear le halt 86 go ndéanfaidh iniúchóir reachtúil iniúchadh ar na cuntais.
- Cuireann Alt 87 oibleagáid ar an oifigeach cuí na cuntais a thabhairt don Choimisiún um Chaighdeáin in Oifigí Poiblí (an Coimisiún) mar aon le cóip de thuarascáil an iniúchóra tráth nach déanaí ná an 30 Meitheamh sa bhliain ina dhiaidh sin lena mbaineann na cuntais.
- Ceanglaítear le halt 88 go gcuirfidh an Coimisiún, má mheasann sé go bhfuil sé cuí é sin a dhéanamh, tuarascáil scríofa do Chathaoirleach na Dála ar aon ní a bhfuil baint aige leis na ráitis chuntais a cuireadh isteach nó leis an tuarascáil. Forálann sé freisin sa chás nach gcomhlíonfar na dtreoirlínte, go gcuirfidh an Coimisiún tuarascáil faoi bhráid an Aire Caiteachais Phoiblí, Seachadadh an Phlean Forbartha Náisiúnta agus Athchóirithe, agus do Chathaoirleach Dháil Éireann.



__________________

Garret Sheehan
Cathaoirleach
An Coimisiún um Chaighdeáin in Oifigí Poiblí
Nollaig 2023

# Caibidil 1 Réamhrá

Foráiltear leis an Acht Toghcháin, 1997 do nochtadh cuntas ag páirtithe polaitíochta. Déanann sé foráil freisin chun taifid chuntasaíochta a choimeád atá mar bhonn agus mar thaca ag na cuntais sin. Tá eolas sa tuarascáil seo faoi chuntais a nochtadh i leith 2022.

Ceanglaítear leis an Acht go gcomhlíonann na cuntais na ceanglais maidir le foirm agus ábhar dá bhforáiltear i dtreoirlínte arna n-eisiúint ag an gCoimisiún.

De réir cheanglais an Achta, tabharfar cóip den tuarascáil seo do Chathaoirleach Dháil Éireann agus don Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.

# Caibidil 2 Cuntais arna dtabhairt ag páirtithe polaitiúla

Bhí trí pháirtí polaitíochta is fiche ar Chlár na bPáirtithe Polaitíochta i rith 2022.

## Treoirlínte do Pháirtithe Polaitíochta

D'fhoilsigh an Coimisiún treoirlínte athbhreithnithe, dar teideal **Ráiteas Bliantúil na gCuntas: Treoirlínte do Pháirtithe Polaitíochta** (na treoirlínte), i mí Iúil 2017 mar threoir phraiticiúil do pháirtithe polaitíochta chun riachtanais an Achta a chomhlíonadh.

## Athbhreithniú ar Ráitis Chuntais

Ceanglaíodh ar pháirtithe a ráitis ar chuntais agus ar thuarascálacha iniúchóirí 2022 a thabhairt don Choimisiún faoin 30 Meitheamh 2023.

Bhreithnigh an Coimisiún gach ceann de na ráitis nó na haighneachtaí a fuarthas, ag féachaint don Acht agus do na treoirlínte. Bhí cuid de na ráitis comhlíontach go hábhartha agus níor ghá iad a leanúint. Ardaíodh ceisteanna agus soiléiriú le páirtithe maidir le cuid de na haighneachtaí a fuarthas agus tugadh deis do pháirtithe freagra a thabhairt. Sa chás gur dhéileáil na páirtithe go leordhóthanach leis na ceisteanna a ardaíodh, measann an Coimisiún go bhfuil na páirtithe sin ag cloí go hábhartha leis an reachtaíocht agus leis na treoirlínte.

Taispeántar toradh athbhreithniú an Choimisiúin ar chomhlíonadh na bpáirtithe le ceanglais an Achta i dTábla 1.

### Tábla 1 – Comhlíonadh pháirtithe polaitíochta cláraithe le ceanglais an Achta Toghcháin maidir le raitis bhliantúla a nochtadh

| Stádas ráitis chuntais 2022 | Ainm an Phairtí Polaitíochta |
|---|---|
| **Comhlíontach** | Aontú |
| | Fianna Fáil |
| | Fine Gael |
| | An Comhaontas Glas |
| | *Independents 4 Change* |
| | Comhghuaillíocht Neamhspleách Chiarraí |
| | Daoine Roimh Bhrabús/Dlúthpháirtíocht |
| | Sinn Féin |
| | Na Daonlathaithe Sóisialta |
| | Páirtí an Lucht Oibre |
| **Neamh-chomhlíontach – cuntais neamh-iniúchta curtha ar fáil, ina bhfuil idirbhearta agus/nó iarmhéideanna le feiceáil** | Páirtí Cumannach na hÉireann |
| | Daonlathas Díreach Éireann |
| | Páirtí Saoirse na hÉireann |
| | Páirtí um Leas Ainmhithe |
| | Páirtí An Ceart chun Athrú |
| | Oibrithe agus Gníomh Dífhostaithe |
| **Neamh-chomhlíontach – cuntais neamh-iniúchta curtha ar fáil, ina bhfuil idirbhearta agus iarmhéideanna nialasacha le feiceáil** | Fís Nua |
| | Comhghuaillíocht Dínit an Duine |
| | Daoine Aontaithe |
| **Neamh-chomhlíontach – ní bhfuarthas aon chuntais** | Aitheantas Éireann (díscaoilte anois) |
| | Renua Ireland (athainmníodh é in 2023 mar Páirtí Lárnach na hÉireann) |
| | An Páirtí Náisiúnta |
| | Páirtí na nOibrithe |

## Ráitis Chuntais Neamh-chomhlíontach

Tá ráitis tugtha ag na páirtithe seo a leanas nach raibh ag cloí leis na treoirlínte:

- *Páirtí Cumannach na hÉireann*

Leanann ráitis airgeadais neamhshínithe a cuireadh isteach tríd is tríd an bhformáid atá leagtha amach sna treoirlínte. Ní dhearnadh iniúchadh orthu agus níor athbhreithníodh go mion iad.

- *Daonlathas Díreach Éireann*

Cuireadh ráitis airgeadais isteach a bhí dhá leathanach ar fhad agus sínithe. Níl siad san fhormáid a theastaíonn ó na treoirlínte agus níl iniúchadh déanta orthu. Níl athbhreithniú mion déanta orthu.

- *Fís Nua*

Cuireadh isteach ráitis a bhí sínithe, san fhormáid cheart. Ní léirítear aon idirbhear airgeadais don tréimhse, ná aon idirmhéid. Dúirt an páirtí nach raibh aon incam acu. Ní dhearnadh aon iniúchadh ar na ráitis.

- *Comhghuaillíocht Dínit an Duine*

Cuireadh ráitis airgeadais gan síniú, san fhormáid riachtanach, isteach. Ní nochtann siad aon idirbhearta airgeadais don tréimhse. Ní dhearnadh iniúchadh ar na ráitis. Dúirt an páirtí nach raibh cuntas bainc aige, nach raibh aon tabhartas faighte aige agus nach bhfuil aon sócmhainní aige.

- *Páirtí Saoirse na hÉireann*

Cuireadh ráitis airgeadais, san fhormáid riachtanach agus iad sínithe, isteach. Ní dhearnadh iniúchadh orthu agus níor athbhreithníodh go mion iad.

- *Páirtí um Leas Ainmhithe*

Cuirteadh ráiteas sínithe isteach faoi fhreagrachtaí an oifigigh chuí mar aon le ráiteas gearr a dhéanann achoimriú ar struchtúir an pháirtí. Cuireadh liosta idirbhearta isteach freisin, mar aon le ráitis bhainc. Ní dhearnadh iniúchadh orthu agus níor athbhreithníodh go mion iad.

- *Páirtí An Ceart chun Athrú*

Cuireadh ráitis airgeadais gan síniú isteach san fhormáid cheart. Ní dhearnadh iniúchadh orthu agus níor athbhreithníodh go mion iad.

- *Daoine Aontaithe*

Cuireadh 'ráiteas cuntas' neamhshínithe, neamh-iniúchta isteach. Níor nochtadh aon idirbhearta. Dúirt an páirtí nach bhfuil feidhm aige faoi láthair, nach bhfuil aon sócmhainní aige, ná cuntas bainc, ná aon ghníomhaíocht airgeadais.

- *Oibrithe agus Gníomh Dífhostaithe*

Ráiteas neamhshínithe ioncaim, caiteachais agus iarmhéid bainc deiridh curtha isteach, le ráitis bhainc a ghabhann leis. Tá sé seo neamh-iniúchta agus níl sé san fhormáid atá ag teastáil. Níl athbhreithniú mion déanta orthu.

Faoi Alt 86(4) den Acht, féadfaidh an Coimisiún a rogha féin a fheidhmiú chun iniúchóir reachtúil a cheapadh chun iniúchadh a dhéanamh ar aon chuntais neamh-iniúchta. Toisc gur tháinig na cuntais neamh-iniúchta ó pháirtithe nach bhfaigheann maoiniú ón Státchiste faoin Acht Toghcháin, agus ag féachaint do cibé ar éiligh leas an phobail go ndéanfaí na hacmhainní riachtanacha a infheistiú chun tabhairt faoi iniúchadh den sórt sin, chinn an Coimisiún gan na ráitis ábhartha a iniúchadh.

Cé nach bhfuil siad comhlíontach chun críocha an Achta, foilsíodh na ráitis a fuarthas ar shuíomh gréasáin an Choimisiúin.

## Gan Ráiteas ar Chuntas a bheith faighte

Níor thug ceithre pháirtí cláraithe, tráth scríofa, ráitis chuntais don Choimisiún agus níl siad ag cloí le ceanglais an Achta:

- Aitheantas Éireann (díscaoilte anois)
- Renua Éireann (athainmnithe in 2023 mar Pháirtí Lárnach na hÉireann)
- An Páirtí Náisiúnta
- Páirtí na nOibrithe

## Tuairimí Ginearálta

I roinnt cásanna, bhí difríochtaí idir an fhaisnéis a cuireadh ar fáil sna ráitis airgeadais agus a iarradh sna treoirlínte agus sa teimpléad gaolmhar a chuir an Coimisiún ar fáil.

Cé nach raibh siad ag cloí go docht leis na treoirlínte, bhí an bealach ar thug na páirtithe aghaidh ar na réimsí sin cosúil, a bheag nó a mhór, leis na blianta roimhe sin.

Is iad seo a leanas na trí réimse inar aithníodh difríochtaí ábhartha:

- ráiteas na bhfreagrachtaí
- aitheantas ioncaim – táillí ballraíochta agus síntiúis
- ráitis a shíniú agus a dhátú (an Cuntas Ioncaim agus Caiteachais, an Clár Comhardaithe (lena n-áirítear cúlchistí ioncaim coimeádta), agus an Ráiteas maidir le Sreabhadh Airgid).

Cé nach raibh siad ag cloí go docht leis na treoirlínte, bhí an bealach ar thug na páirtithe aghaidh ar na réimsí sin cosúil, a bheag nó a mhór, le 2021 agus na blianta roimhe sin.

# Caibidil 3 Moltaí

Mar a tugadh faoi deara roimhe seo, tháinig roinnt saincheisteanna chun cinn maidir le ráitis chuntais pháirtí a sholáthar nach bhféadfaí a bheith ag súil leo nuair a bhí an reachtaíocht á dréachtú.

I dtuarascálacha roimhe seo ar ráitis chuntais, mhol an Coimisiún go mbeadh díolúine ag páirtithe beaga ón gceanglas ráitis chuntais iniúchta a thabhairt don Choimisiún.

Thug an Coimisiún ar aird freisin go bhforáiltear leis an Acht, i gcás ina dteipeann ar pháirtí polaitíochta cláraithe a cháilíonn do Mhaoiniú Státchiste ráiteas cuntas a chur ar fáil a mbeidh Tuarascáil Iniúchóirí Reachtúla ag gabháil leis, nach ndéanfar aon íocaíocht bhreise ar mhaoiniú ón Státchiste leis an bpáirtí sin go dtí go gcomhlíonann sé a oibleagáidí ina leith seo. Thug sé faoi deara freisin nach féidir aon ghníomh a dhéanamh i gcoinne páirtí nach gcáilíonn do Mhaoiniú státchiste mar gheall ar mhainneachtain a ndualgas ráiteas cuntas a chur isteach.

Mar fhocal scoir, thug an Coimisiún faoi deara roimhe seo nach mbíonn ceanglais reachtaíochta eile chun tuarascálacha airgeadais nó ráitis chuntais a chur ar fáil i gcónaí ag teacht lena chéile. Tá sé ráite ag an gCoimisiún go mbeadh sé úsáideach riachtanais tuairiscithe na reachtaíochta go léir a dhéanann foráil do mhaoiniú stáit na bpáirtithe polaitiúla a chomhdhlúthú nó ar a laghad a réiteach ar mhaithe le héascaíocht riaracháin agus comhleanúnachas reachtaíochta.

## An tAcht um Athchóiriú Toghcháin, 2022

Sa tuarascáil a scríobh an Coimisiún ar ráitis chuntais 2021, tugann an Coimisiún dá aire gur thug achtú an Achta um Athchóiriú Toghcháin, 2022 (Acht 2022) i mí Iúil 2022 aghaidh ar chuid d'ábhair imní an Choimisiúin mar a léiríodh i dtuarascálacha roimhe seo.

Leasaíonn Acht 2022 forálacha an Achta Toghcháin, 1997. Foráiltear ann:

- Ní mór go n-áireofar i ráitis chuntais do pháirtí polaitíochta a fhochuideachtaí, lena n-áirítear iad siúd lasmuigh den Stát, mura dtagann an fhochuideachta faoi bhun tairseacha áirithe ioncaim/sócmhainne, agus
- Ní mór d'iniúchóir reachtúil ráitis cuntas i leith fochuideachtaí a iniúchadh, mura dtagann an fhochuideachta faoi bhun tairseacha áirithe ioncaim/sócmhainne;

Foráiltear an méid seo a leanas le hAcht 2022 freisin:

- Tá cionta nua ann maidir le mainneachtain gnáthleabhair chuntais chuí a choinneáil, gan ráiteas cuntas bliantúil a ullmhú, gan ráiteas cuntas agus tuarascáil iniúchóra a

thabhairt don Choimisiún agus ráiteas cuntas bréagach nó míthreorach a thabhairt don Choimisiún go feasach.

- Ní mór go gcuimseodh ráitis chuntais an mhaoin go léir laistigh d'úinéireacht an pháirtí pholaitiúil agus a fhochuideachtaí, lena n-áirítear maoin atá suite lasmuigh den Stát;
- Féadfaidh treoirlínte an Choimisiúin faoi alt 89 ceanglais faoi FRS 102 a ionchorprú go sainráite;
- Tá ceanglas ar pháirtithe polaitíochta na hÉireann leabhair chuntais a bhfochuideachtaí, lena n-áirítear iad siúd lasmuigh den Stát, a choinneáil de réir threoirlínte an Choimisiúin, agus

Seachas na forálacha i leith cionta, cuireadh tús leis na forálacha thuas trí ordú ón Aire Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta. Beidh feidhm acu nuair a bheidh treoirlínte dréachtaithe agus faofa ag an Aire. Agus é seo á scríobh, tá na treoirlínte á ndréachtú. Táthar ag súil go gcuirfear tús leis na forálacha i leith cionta nuair a fhoilseofar na treoirlínte.

Tugann an Coimisiún dá aire nach dtéann Acht 2022 i ngleic lena imní nach mbíonn ceanglais reachtaíochta eile chun tuarascálacha airgeadais nó ráitis chuntais a chur ar fáil i gcónaí ag teacht lena chéile. Tá sé fós den tuairim go mbeadh sé úsáideach riachtanais tuairiscithe na reachtaíochta go léir a dhéanann foráil do mhaoiniú stáit na bpáirtithe polaitiúla a chomhdhlúthú nó ar a laghad a réiteach ar mhaithe le héascaíocht riaracháin agus comhleanúnachas reachtaíochta.

## Caibidil 4 Doiciméid Reachtúla a Fhoilsiú

Is féidir ráitis ar chuntais agus ar thuarascálacha iniúchóirí a fuarthas ó pháirtithe polaitíochta de bhun alt 87 a fheiceáil ar shuíomh gréasáin an Choimisiúin, www.sipo.ie. Cuirfidh an Coimisiún cóipeanna de na ráitis agus de na tuarascálacha ar fáil freisin lena niniúchadh ag an bpobal, gan táille, ina oifig ag 6 Ardán Phort an Iarla, Baile Átha Cliath 2, D02 W773, le linn gnáthuaireanta oibre. Más mian leat na doiciméid reachtúla a iniúchadh, téigh i dteagmháil leis an gCoimisiún trí ríomhphost ag info@sipo.ie nó ar an teileafón (01) 639-5666.